COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2009

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
www.irishmanuscripts.ie

CLÁR ÁBHAIR

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH 2

Réamhrá 3

Bord 4

Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán 4

Fochoistí 4

Foilseacháin agus lainseálacha sa bhliain 2009 5

World War I and the Question of Ulster — the correspondence of Lilian and Wilfrid Spender 5

Calendar of State Papers, Ireland, Tudor period, 1566–1567 5

Charlotte Brooke's 'Reliques of Irish poetry' 5

Analecta Hibernica 41 6

Reconstructing Ireland's past — a history of the Irish Manuscripts Commission 6

An Fhoireann 6

Seirbhísí 7

Airgeadas 7

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCUIDEACHTA 8

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ 10

Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt todhchaí 11

Príomhghníomhaíochtaí 11

Athbhreithniú gnó 11

Forbairt todhchaí 11

Torthaí 11

Staid Chúrsaí 12

Stiúrthóirí agus a leasanna 12

Deonacháin pholaitiúla 12

Freagrachtaí na stiúrthóirí 12

Leabhair chuntas 12

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí 13

Iniúchóirí 13

TUARASCÁIL NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA 14

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach 15

Bunús na tuairime 15

Tuairim 16

CUNTAIS INIÚCHTA 17

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 18

Clár Comhardaithe 19

Ráiteas Sreabhadh Airgid 20

NÓTAÍ ATÁ INA GCUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS 21

1. Beartais Chuntasaíochta 21

1.1. Bonn ullmhúcháin 21

1.2. Ioncam 21

1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas 21

1.4. Stoc 21

1.5. Pinsin 21

1.6. Cánachas 21

1.7. Deontais rialtais 21

2. Ioncam 22

3. Deontas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta 22

4. Barrachas na bliana 22

5. Fostaithe 22

6. Costais phinsin 22

7. Sócmhainní inláimhsithe 22

8. Stoic 23

9. Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin 23

10. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin 23

11. Ioncam iarchurtha 23

12. Culchistí Gnáthscaireanna 24

13. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí 24

14. Idirbhearta páirtithe gaolmhara 24

15. Máthairghnóthas deiridh 24

16. Ráitis airgeadais a cheadú 24

Tuarascáil an Chathaoirligh

Réamhrá

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ), a bunaíodh sa bhliain 1928, corpraíodh é mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta an 24 Eanáir 2006.

I rith na bliana 2009, comóradh 80 bliain an Choimisiúin, lean próifíl CLÉ mar fhoilsitheoir tosaíochta de phríomhábhar bunaidh in Éirinn de bheith ag dul i méid. Tugaim faoi deara go bhfuair eagarthóir *Analecta Hibernica*, James Kelly, dóthain ábhair ó chuiditheoirí féideartha chun dhá imleabhar de *Analecta Hibernica* a fhoilsiú go tiubh ar shála a chéile. Comhlíonadh cuspóir sonraithe CLÉ freisin, chun tuilleadh bunábhair ón 20ú aois a fhoilsiú, nuair a foilsíodh *World War I and the question of Ulster: the correspondence of Lilian and Wilfrid Spender* curtha in eagar ag Margaret Baguley i Mí Mheán Fómhair 2009 agus dréacht Deirdre McMahon freisin in *Analecta Hibernica 41—The Irish settlement meeting of the Unionist party, 7 July 1916*; foilseofar *The Irish Defence Forces 1940–1949: Annual Reports of the Chief of Staff*, curtha in eagar ag Michael Kennedy agus Victor Laing, sa bhliain 2010.

Faoi dheireadh na bliana 2009, bhí an próiseas cónasctha—go raibh cúraimí móra ann faoi i ndeireadh na bliana 2008—sa chruth go raibh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta tar éis dréachtcheann billí a ullmhú. Chuaigh CLÉ go hiomlán leis an bpróiseas seo agus glacann an Coimisiún leis go gcaithfidh an lá a bheith ag toil an Rialtais agus go bhfuil sé de dhualgas ar an gCoimisiún iarracht a dhéanamh chun páirt dhearfach a ghlacadh i ndíospóireachtaí na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, agus iarracht á déanamh aici struchtúir nua rialachais a chur i bhfeidhm do CLÉ, do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) agus do Chartlann Náisiúnta na hÉireann (CNÉ). Agus é seo á dhéanamh ag an gCoimisiún, déanfaidh sé iarracht a chinntiú go gcaomhnófar a shainchúram mar fhoilsitheoir agus mar chomhairleoir, chomh maith lena ionannas agus leis an saoirse atá aige a ghnó féin a bhainistiú agus a stiúradh, faoi réir na ngnáthcheanglas tuairiscithe arna n-éileamh ag nósanna imeachta dea-rialachais.

Lean CLÉ uirthi ag glacadh páirte san Oíche Cultúir. Sa bhliain 2009, chuathas i gcomhar le CLÉ ag Cartlann Ailtireachta na hÉireann (CAÉ), a roinneann cóiríocht le CLÉ ag Uimhir 45 Cearnóg Mhuirfean, nuair a d'fhan an chartlann ar oscailt don phobal mar chuid den imeacht uile-Eorpach seo. Caithfear a rá gur éirigh thar cionn leis an oíche agus thug beagnach 750 duine cuairt ar an bhfoirgneamh. Thug CLÉ léiriú closamhairc 10 nóiméad ar a gcuid oibre agus ar cé chomh tábhachtach agus atá sé taifid a chaomhnú, agus chuir sé roinnt de na foilseacháin aige ar taispeáint freisin. Thug foireann CAÉ turais anamúla den chóiríocht ar urlár na talún agus ar an gcéad urlár agus thug sí cur síos ar stair Uimhir 45. Ní foláir dom buíochas a ghabháil le comhaltaí CLÉ go léir a d'ullmhaigh don imeacht seo agus a ghlac páirt ann an oíche sin—Michael Kennedy, Deirdre McMahon agus Máire Mac Conghail. Go háirithe, ba mhaith liom mo mhórmheas a chur i gcuntas do Michael Kennedy, a thug léiriú closamhairc thar barr, beagnach gan stad, ó 5 i.n. go dtí meán oíche, obair fhathaigh ar chaighdeán ar bith. Chuir roinnt ball den phobal i gcoitinne ríomhphoist chuig CLÉ tríd a shuíomh Gréasáin chun a meas a chur i gcuntas. Tugaim an sliocht seo as ríomhphost amháin díobh: "… I am just writing to let you know that I thoroughly enjoyed my visit… as part of Culture Night, particularly as I was unaware of the valuable work the Commission does and the generous work of its members. Keep up the good work."

Freastalaíonn ionadaithe CLÉ go leanúnach ar Shainghrúpa Bhallstáit den AE um Dhigitiú agus Caomhnú Digiteach agus, mar gheall ar seo, gabhtar i mbealach níos mó ag CLÉ le saincheisteanna níos leithne digitithe agus ábhair chultúrtha. Mí na Samhna, thug an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta cuireadh do CLÉ bheith ina chomhiomlánóir náisiúnta ar ábhar digiteach a sholáthraíonn Institiúidí Cultúrtha don tairseach oidhreachta cultúrtha, Europeana. An 23 Samhain, cheadaigh comhaltaí an Choimisiúin leis seo ag a gcruinniú agus moladh teicníc i Mí na Nollag faoi conas a n-oibreodh an próiseas; oibreofar scéim thrialach sa bhliain 2010 le hathbhreithniú ar dhul chun cinn gach ráithe agus gheobhaidh CLÉ

tacaíocht theicniúil dá ról mar chomhiomlánóir ón Fhaireachlann Daonnachtaí Digiteacha ag Acadamh Ríoga na hÉireann. Tar éis dhá thionscadail tástála a chríochnú ar dhigitiú a chúl-liosta féin i Mí Dheireadh Fómhair, glacfaidh CLÉ féin páirt ghníomhach in ábhar digitithe a sholáthar do Europeana.

Bord

Tá 21 chomhalta ar a mhéid ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a dtarraingítear ón bpobal acadúil agus ó institiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann. Ní fhaigheann comhalta ar bith íocaíocht as a chuid seirbhíse do CLÉ agus is é an Cathaoirleach amháin a fhaigheann airgead oinigh. I rith na bliana 2009, níor cuireadh duine ar bith in ionad an chúigear comhalta a scoir sa bhliain 2008, agus ag tarraingt ar dheireadh na bliana, d'fhógair Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ), Aongus Ó hAonghusa, go n-éireodh sé as bheith ina chomhalta de CLÉ i Mí Eanáir 2010 nuair a chríochnódh a théarma oifige mar Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tháinig an Coiste le chéile sé huaire i rith na bliana 2009.

I ndeireadh na bliana 2009, bhí na 16 chomhalta seo a leanas ar bhord an Choimisiúin: James McGuire (Cathaoirleach), Dictionary of Irish Biography, Acadamh Ríoga na hÉireann; Maurice Bric, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Institiúid de Móra, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; David Craig, Stiúrthóir, Cartlann Náisiúnta na hÉireann; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh; Chris Flynn, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Michael Kennedy, Cáipéisí ar Pholasaí Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Fondúireacht Mhichíl Uí Chléirigh, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Aongus Ó hAonghusa, Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Thomas O'Connor, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí oinigh den Choimisiún: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

Tá stiúrthóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Cartlann Náisiúnta na hÉireann araon ina gcomhaltaí den Choimisiún *de bhrí oifige*. Tá príomhfheidhmeannach Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann ina chomhalta de CLÉ freisin, *de bhrí oifige*.

Cuireadh deireadh leis an gComhairle um Chartlann Náisiúnta i Mí na Samhna 2007 agus níor ceapadh comhairle nua. Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1997, bíonn beirt chomhalta de CLÉ ar an CCN de ghnáth. Bhí an reachtaíocht a chlúdaíonn an CCN faoi athbhreithniú sa bhliain 2009.

Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

Is buanchoiste é seo agus tá sé mar fheidhm aige athbhreithniú a dhéanamh ar thograí foilseacháin, a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin, de réir critéar réamhshocraithe, agus tuilleadh gnímh a mholadh mar is cuí don Choimisiún iomlán. Diúltaíonn an Coimisiún do thogra nó glacann sé leis i bprionsabal. Bhí James McGuire, Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail agus Jane Ohlmeyer ina gcomhaltaí den Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán sa bhliain 2009. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire sa bhliain 2009.

Fochoistí

I gcúrsa na bliana 2009, an fochoiste a bhí ag plé le comóradh 80 bliain de bhunú CLÉ, lean sé ar aghaidh ag cur obair an Choimisiúin chun cinn. I Mí Eanáir 2009, léigh Deirdre McMahon páipéar ar stair CLÉ do sraith seimineár na staire comhaimseartha de chuid Choláiste na Tríonóide, ar a raibh an tOllamh Eunan

O'Halpin ina chathaoirleach. Thug Dr McMahon míniú ar ról CLÉ ó bunaíodh é sa bhliain 1928, ag léiriú go leordhóthanach misean rathúil an Choimisiúin an bonneagar taighde a sholáthar a thacaigh le forbairt stair na hÉireann mar disciplín nua-aimseartha le mealltacht fhorleathan phoiblí.

Foilseacháin agus lainseálacha sa bhliain 2009

Foilsíodh roinnt bunfhoinsí tábhachtacha sa bhliain 2009, le hábhar ón séú aois déag go dtí an fichiú aois. Ba é foilseachán deiridh na bliana 2009 ná stair CLÉ ag Dr Michael Kennedy agus Dr Deirdre MacMahon. Cuireadh críoch shona leis an mbliain le dhá chomhlainseáil rathúla i Mí na Nollag— *Charlotte Brooke's 'Reliques of Irish poetry'* agus *Calendar of State Papers, Ireland, Tudor period, 1566–1567* an 10 Nollaig agus *Reconstructing Ireland's past—a history of the Irish Manuscripts Commission* an 18 Nollaig.

World War I and the Question of Ulster—the correspondence of Lilian and Wilfrid Spender

Curtha in eagar ag Margaret Baguley agus bunaithe ar bhailiúchán le thart ar 2,750 litir ann, in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann, is sliocht eagraithe é seo de chomhfhreagras aimsir an chogaidh Wilfrid Spender (a bhí ina rúnaí do rialtas Thuaisceart Éireann ina dhiaidh sin) agus a bhean chéile Lilian, leis an gcogadh sa Fhrainc agus an cor polaitiúil i gCúige Uladh mar chúlra dó. Soláthraíonn an t-eagrán seo foinse inrochtana agus fíorluachmhar don léitheoir acadúil agus don léitheoir ginearálta araon.

Iar-ardcheathrúnach ar Óglaigh Uladh, bhí Captaen Spender ar fiannas ar an Fronta Thiar i rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda ach d'fhan Lilian i Londain. Scartha óna chéile ag an gcoimhlint go gairid tar éis dóibh a bheith pósta, scríobh siad chuig a chéile beagnach gach lá. Scríobh siad na litreacha seo mar bhí dlúthsnaidhm phearsanta agus rómánsach idir an bheirt acu agus is litreacha bríomhara agus teanntásacha iad, go háirithe nuair a dhéantar polaitíocht na nAontachtaithe a phlé.

Tugann a gcomhfhreagras léargas ar an saol geilleagrach agus sóisialta i Londain i rith aimsir an chogaidh, i gcomhcheangal le cúlchaint pholaitiúil agus cuntais chríonadh ar dhaoine polaitíochta mór le rá an trátha sin. Tá cuid mhór grinn dhuibh sna litreacha agus cuireann siad pearsana i láthair go bhfeictear iad go minic mar phearsana eascairdiúla (mar Sir Edward Carson) ar chaoi mheidhreach agus phraiticiúil.

Calendar of State Papers, Ireland, Tudor period, 1566–1567

Curtha in eagar ag Bernadette Cunningham, tá na doiciméid atá cláraithe san imleabhar seo á gcaomhnú sa Chartlann Náisiúnta ag Kew, Sasana agus baineann siad leis an chéad dhá bhliain de chéad théarma oifige Sir Henry Sidney mar fhear ionaid na hÉireann, ó Mhí Eanáir 1566 go dtí Mí na Nollag 1567. Ní hamháin go dtugann na páipéir stáit atá ar marthain léargas ar chóras feidhmithe rialtas láir, ach tugtar chun eolais iontu freisin cuid mhór sonraí teagmhasacha ar an saol agus ar an bpolaitíocht sna cúigí. I measc na ndaoine go raibh Sidney gafa lena ngníomhaíochtaí in Éirinn i rith na mblianta sin, bhí Shane Ó Néill i gCúige Uladh agus iarlaí Urumhan agus Deasumhan i gcúigí an deiscirt. Foilseofar na páipéir a bhaineann leis an dara téarma oifige ag Sidney (1568–1571) in imleabhar ar leith sa bhliain 2010.



Charlotte Brooke's 'Reliques of Irish poetry'

Nuair a foilsíodh *Reliques of Irish poetry* de chuid Charlotte Brooke sa bhliain 1789, pointe ama ríthábhachtach a bhí ann d'fhorbairt fhéiniúlacht na hÉireann i measc scothaicme na bProtastúnach i ndeireadh na hochtú haoise déag in Éirinn. Cuireadh an saothar le chéile de thoradh díreach ar an gcomhoibriú idir scoláirí dúchasacha



na Gaeilge agus scríobhaithe agus ársaitheoirí Protastúnacha agus tugtar léargas tábhachtach ann ar an leibhéal idirghníomhaíochta a tharla idir an dá chultúr. San eagrán nua anótáilte seo, atá curtha in eagar ag Lesa Ní Mhunghaile, cuirtear na *Reliques* ina chomhthéacs stairiúil, ag díriú ar chuspóirí Brooke agus ar na tosca a bhí mar chúis leis an bhfoilseachán a chur i ngníomh. Tá aistriúcháin nua ar fáil ann de dhánta bunaidh Brooke agus déantar measúnú ann ar a rath mar aistritheoir. Taitneoidh gné idirdhisciplíneach an tsaothair seo le mac léinn i mbun staidéir ar stair, litríocht agus cultúr na hÉireann agus leo siúd le suim níos leithne acu i staidéir chultúrtha, iarchoilíneacha agus aistriúcháin.

Trí ghabháil le príomhdhíospóireachtaí ársaitheoirí an trátha sin, rinne *Reliques* iarracht traidisiún saibhir litríochta na hÉireann i nGaeilge a mhionléiriú do léitheoirí Sasanacha agus é a chosaint orthu siúd a bhí ag iarraidh dímheasa a chaitheamh air. Trí dhánta a sholáthar i nGaeilge chomh maith le haistriúcháin i mBéarla, tugadh freagra léannta ann freisin ar an gconspóid fhiannaíochta a thosaigh le foilseacháin James Macpherson. Sampla luath de litríocht Angla-Éireannach ar leith ab ea an dréacht filíochta ag Brooke féin, 'Mäon: an Irish tale', dréacht a raibh traidisiún na Gaeilge ina inspioráid dó.

Tá áthas ar an gCoimisiún an t-eagrán breá seo a fhoilsiú ina bhfuil cóip den eagrán bunaidh 1789 ag Brooke, atá á coinneáil ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus tá CLÉ buíoch de LNÉ as cead a thabhairt dó an téacs a atáirgeadh.

Analecta Hibernica 41

Foilsíodh an t-aonú eagrán is daichead de sraitheachán CLÉ—*Analecta Hibernica*—curtha in eagar ag an Ollamh James Kelly, sa bhliain 2009. Tá bunfhoinsí níos giorra san eagrán seo ón seachtú aois déag ar aghaidh go dtí an fichiú aois, lena n-áirítear: Luke Wadding's petition to the papacy on behalf of Dutch and Flemish migrants in Waterford, 1642–43 (curtha in eagar ag Benjamin Hazard); New light on the Marquis of Antrim and the 'Wars of the three kingdoms' (curtha in eagar ag Hector McDonnell agus Jane Ohlmeyer); Meditations by Katherine Manners, Duchess of Buckingham, 1646 (curtha in eagar ag Hector McDonnell agus Jane Ohlmeyer); The library of Dennis Molony (1650–1726), an Irish Catholic lawyer in London (curtha in eagar ag John Bergin agus Liam Chambers); 'My dear Lady C': the letters of Lady Arabella Denny to Lady Caldwell, 1754–77 (curtha in eagar ag Rosemary Raughter); and The Irish settlement meeting of the Unionist party, 7 July 1916 (curtha in eagar ag Deirdre McMahon).

Reconstructing Ireland's past — a history of the Irish Manuscripts Commission

Cuireadh críoch shona leis an mbliain nuair a foilsíodh *Reconstructing Ireland's past—a history of the Irish Manuscripts Commission*, scríofa ag Michael Kennedy agus Deirdre McMahon, mar chuid den cheiliúradh ar chomóradh 80 bliain an Choimisiúin, ó bunaíodh é sa bhliain 1928. Seo an chéad leabhar le heolas curtha le chéile ann ar imeachtaí maidir le bunú CLÉ agus inar féidir breathnú ar a chuid oibre i rith na mblianta ó bunaíodh é, nuair a rinneadh suirbhéanna chun lámhscríbhinní a aimsiú a bhí tábhachtach do stair na hÉireann, trí ghanntanais pháipéir an Dara Chogaidh Dhomhanda agus ar aghaidh go dtí a Shuirbhé nuálaíoch um Thaifid Ghnó sna 1960í. Tá aguisíní úsáideacha ann, le liostaí d'fhoilseacháin agus de chomhaltaí, mar sin, beidh an leabhar seo suimiúil do staraithe i mbun staidéir ar stair na hÉireann.

An Fhoireann

Tá comhalta buan foirne amháin ag an gCoimisiún, an riarthóir Dr Cathy Hayes. Soláthraíodh cúnamh riaracháin, ar bhonn conartha seirbhíse, i rith na bliana ag Laura McGuirk (Mí Eanáir go dtí Mí an Mhárta) agus ag Judith Francis (Mí na Samhna go dtí Mí na Nollag).

Seirbhísí

Ó bunaíodh suíomh Gréasáin CLÉ i Mí Lúnasa 2004, tá méadú ag teacht ó shin i leith ar an méid teagmhálacha ríomhphoist, teileafóin agus litirphoist á fháil aige ó bhaill den phobal i gcoitinne. Is teagmhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta iad seo, a thagann go rialta ón Astráil, ón Nua-Shéalainn, ó Cheanada, ó na Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ó Mhór-roinn na hEorpa.

Chomh fada agus is féidir le CLÉ, déantar iarracht cabhrú le daoine le fiosrúcháin ach é a dhéanamh níos éasca dóibh ábhar a rochtain a chuimsítear in imleabhair níos luaithe de *Analecta Hibernica* (ceann de na hiarratais is minicí) agus a fhoilseacháin atá as cló a rochtain freisin. Le lainseáil QUB/JSTOR Ireland Collection i Mí Iúil 2009, tá ábhair dhigitithe *Analecta Hibernica* ar fáil saor in aisce anois d'úsáideoirí in Éirinn agus sa RA agus d'úsáideoirí in áiteanna eile ar tháille bheag. Tá sé leagtha amach ag CLÉ a fhoilseacháin féin atá as cló a dhigitiú agus a chur ar fáil ar líne tríd a shuíomh Gréasáin féin — cuirfidh sé seo sa bhreis leis an tseirbhís a chuireann CLÉ ar fáil don phobal i gcoitinne.

Airgeadas

Ba mhaith liom an cistiúchán a fuair CLÉ sa bhliain 2009 ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a thabhairt chun suntais. Mura mbeadh an deontas i gcabhair curtha ar fáil ag an roinn, ní bheadh CLÉ in ann a shainchúram a chomhlíonadh. Ba chóir go gcuirfeadh an deontas reatha ar ár gcumas ár gclár foilseacháin do 2009-10 a chríochnú. Braithimid go hiomlán ar an gcistiúchán seo chun pleanáil a dhéanamh don bhliain seo chugainn.

Ba mhaith liom comhaltaí Aonad na nInstitiúidí Ealaíon & Cultúrtha ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, a chuaigh i dteagmháil le CLÉ ar son na roinne i rith na bliana 2009, a mholadh anseo freisin: Chris Flynn, Peadar Caffrey agus Eamonn Mac An Bheatha (ar scor). Táimid ag tnúth le bheith ag leanúint ar aghaidh lenár gcomhoibriú fíorluachmhar leis an Roinn, d'fhonn feidhmeanna CLÉ a neartú mar fhoilsitheoir de bhunfhoinsí staireanna agus cultúr na hÉireann, chomh maith lena staid a fheabhsú mar nasc tábhachtach idir phobal oidhreachta cultúrtha agus phobal taighdeoirí daonnachtaí níos leithne.

Ba mhaith liom mo mheas a chur in iúl ach go háirithe d'obair agus do thiomantas riarthóir an Choimisiúin, Dr Cathy Hayes, ó ceapadh mar riarthóir í sa bhliain 2006, agus go háirithe sa bhliain 2009.

Mar chríoch, ní foláir dom an méid a scríobh mé i dtuarascálacha roimhe seo a athrá: nach bhfaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair as a gcúnamh fíor-riachtanach, a chuireann ar chumas an Choimisiúin a shainchúram a chomhlíonadh. Cosnaíodh an traidisiún seo de sheirbhís a sholáthar don scoláireacht agus don stát, ó bunaíodh an Coimisiún sa bhliain 1928. Ní fhaigheann ach an cathaoirleach amháin airgead oinigh.

Ar son an Choimisiúin, ba mhaith liom gealltanas a thabhairt don Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Máirtín Ó Cuilinn, T.D. agus dá chomharbaí go bhfuil sé leagtha amach ag an gCoimisiún go mbeidh an mhuinín a chuirtear ann tuillte aige.

James McGuire

Cathaoirleach

4 Márta 2010

Eolas maidir leis an gcuideachta

Stiúrthóirí

James Ivan McGuire (Cathaoirleach)
Maurice Bric
Nicholas Patrick Canny
David Craig
David Dickson
David Edwards
Chris Flynn
James Kelly
Michael Kennedy
Máire Mac Conghail
John McCafferty
Deirdre McMahon
Thomas O'Connor
Ruán O'Donnell
Aongus Ó hAonghusa (Scoir Aongus an 15/1/10)
Jane Ohlmeyer

Rúnaí

Cathy Hayes

Uimhir na Cuideachta

414351

Oifig Chláraithe

45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí

Duignan Carthy O'Neill
84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Seoladh Gnó

45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Banc na hÉireann
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt todhchaí

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus chuathas i mbun gníomhaíochtaí an dáta céanna.

Príomhghníomhaíochtaí

Is í príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) ná bunfhoinsí lámhscríbhinní stair agus cultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní fhoilseofaí na foinsí seo ar chuma eile mar níl siad inmharthana ó thaobh tráchtála de ar shainmhíniú ar bith. Mar chomhlacht poiblí, bíonn CLÉ ina chomhairleoir don rialtas freisin, más gá sin, ar ábhair a bhaineann le bunfhoinsí i gcoitinne agus cuirtear eolas poiblí agus institiúideach araon chun cinn ann ar cé chomh tábhachtach is atá siad.

Athbhreithniú gnó

Sa bhliain 2008, d'fhoilsigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a Phlean Forbartha Straitéiseach don tréimhse 2008–2011. Leagadh fís do CLÉ amach sa phlean chun eolas agus rochtain ar phríomhábhair bhunaidh a chur chun cinn, a bhaineann le staireanna, cultúir agus oidhreacht na hÉireann. Cuireadh aithne ar thosaíochtaí straitéiseacha ann a bhí bunaithe ar: eolas agus rochtain feabhsaithe ar bhunfhoinsí; a ról leanúnach mar shainchomhairleoir ar shaincheisteanna a bhaineann le lámhscríbhinní agus le bunfhoinsí i gcoitinne; agus ar a chúl-liosta a dhigitiú, ach aghaidh a thabhairt freisin ar na hacmhainní digiteacha a chruthaítear, a chaomhnú san fhadtéarma. Déanfar athbhreithniú meántéarma sa chéad leath de 2010, ar na heochairtáscairí dul chun cinn maidir leis na tosaíochtaí seo a bhaint amach.

Forbairt todhchaí

Leanfaidh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ag úsáid a acmhainní chun bunfhoinsí lámhscríbhinní a fhoilsiú. Leanfaidh sé freisin ag cur caomhnú bunfhoinsí ó gach tréimhse chun cinn, agus go háirithe ag múscailt eolas an phobail ar an riachtanas atá ann páipéir chomhaimseartha agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú, mar beidh siad seo ina mbunfhoinsí san am atá le teacht do staraithe ag obair ar an t-aonú aois is fiche. De réir a shainchúraim sheirbhíse poiblí, gabhfaidh CLÉ le móideim-theicneolaíochtaí chun ríomheagráin dá chúl-liosta a chur ar fáil tríd a shuíomh Gréasáin agus trí thairseacha oiriúnacha oidhreachta cultúrtha náisiúnta agus Eorpacha. Foilseacháin CLÉ atá as cló, cuirfear ar fáil d'úsáideoirí in Éirinn iad agus i dtíortha thar lear, saor in aisce.

Torthaí

Ba é €47,497 (2008 – €18,040) barrachas na bliana nuair a cuireadh dímheas san áireamh.

Tá de rún ag na stiúrthóirí an barrachas seo a choimeád chun tionscadail a mhaoiniú sna blianta atá le teacht.

Staid Chúrsaí

Dar leis na stiúrthóirí, go bhfuil staid chúrsaí na cuideachta sásúil agus nár tháinig aon athrú ar ábhar ó dháta an chláir chomhardaithe ar aghaidh.

Stiúrthóirí agus a leasanna

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Glacann gach comhalta cuideachta mar chúram air nó uirthi féin cuir le sócmhainní na cuideachta sa chás go ndéanfar í a fhoirceannadh, chomh fada agus atá sé nó sí ina c(h)omhalta nó taobh istigh de bhliain amháin ón am a n-éiríonn sé nó sí as bheith ina c(h)omhalta, chun íoc as na fiacha agus na fiachais a théann an chuideachta iontu, sula n-éiríonn sé nó sí as bheith ina c(h)omhalta, agus as na costais agus muirir fhoirceanta, agus chun cearta na ranníocóirí a choigeartú ina measc féin, suim a d'fhéadfadh a bheith riachtanach, nach mó ná Euro amháin..

Beidh gach stiúrthóir i seilbh oifige ar feadh cúig bliana ar a mhéid agus beidh sé/sí incheaptha don phost arís ina dhiaidh sin.

Deonacháin pholaitiúla

Ní bhfuair an chuideachta deonacháin pholaitiúla ar bith i rith na bliana.

Freagrachtaí na stiúrthóirí

Iarrtar ar stiúrthóirí, de réir dlí cuideachtaí, ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag na stiúrthóirí, iarrtar orthu:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chearta a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnta, tráth ar bith, staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas dóibh cinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAchtanna na gCuideachtaí 1963–2009. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Leabhair chuntas

Is iad na bearta a rinne na stiúrthóirí chun a chinntiú go gcloítear le ceanglais Alt 202, Acht na gCuideachtaí, 2001, maidir le leabhair chuntas chearta a choimeád, ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a chur i gcuntas, pearsanra inniúil cuntasaíochta le saineolas cuí aige a fhostú agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na leabhair chuntas ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Is iad na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá os comhair Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ná fáil ar chistiúchán leanúnach ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus an cónasc a mholtar chun cuid den Leabharlann Náisiúnta a dhéanamh den Chartlann Náisiúnta agus de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Tá buiséad bliantúil faighte ag CLÉ go dtí seo, a chuir ar a chumas a phríomhshainchúram foilseacháin a chomhlíonadh, ach cuireann ionchas reatha an gheilleagair i gcuimhne go bhfuil baol ann i gcónaí nach bhfaighfí cistiúchán leordhóthanach. Níltear cinnte faoi láthair conas a chuirfidh cónasc molta CLÉ i struchtúr níos mó isteach ar a oibríocht, cé go gcreidtear go gcaomhnófar ról CLÉ, sna socruithe nua, mar chomhlacht neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar fhoilsiú bunfhoinsí lámhscríbhinní.

Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh ina bpost de réir fhorálacha Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Ar son an Bhoird

James Ivan McGuire
Stiúrthóir
Dáta: 4 Márta 2010

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha
chuig comhaltaí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar leathanaigh 18–24, atá comhdhéanta den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, Clár Comhardaithe, Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach ar leathanach 21.

Déantar an tuarascáil seo le comhaltaí na cuideachta amháin, ina n-iomlán, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Thugamar faoinár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimid a chur in iúl do chomhaltaí na cuideachta na hábhair sin ar gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críocha sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear de réir dlí, ní ghlacaimid freagracht le héinne seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta ina n-iomlán, as ár gcuid oibre iniúchta, le haghaidh na tuarascála seo, nó as na tuairimí a chruthaíomar.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Mar a chuirtear síos air ar leathanach 12, tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí is infheidhme agus Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir ceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialacháin, agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (RA agus Éire).

Cuirimid ár dtuairim in iúl duit faoi cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, agus an bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963–2006. Cuirimid in iúl duit freisin cibé, dar linn: an raibh leabhair chuntais chearta coimeádta ag an gcuideachta; agus cibé an dtagann an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, sonraímid cibé an bhfuil an t-eolas agus na mínithe go léir atá riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn agus cibé an dtagann clár comhardaithe na cuideachta agus a cuntas brabúis agus caillteanais leis na leabhair chuntas.

Cuirimid in iúl do na comhaltaí mura nochtar, dar linn, aon eolas a shonraítear de réir dlí maidir le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí agus, más infheidhmithe, cuirimid an t-eolas seo san áireamh inár dtuarascáil. Léimid an t-eolas eile sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithnímid ar cibé an dtagann sé leis na ráitis iniúchta airgeadais. Ní chuimsítear san eolas eile seo ach Tuarascáil na Stiúrthóirí. Breithnímid ar na himpleachtaí dár dtuarascáil más rud é go bhfaighimid fios ar aon mhíráitis shoiléire nó ar aon neamhréireachtaí soiléire ábhartha leis na ráitis airgeadais. Níl réim ag ár bhfreagrachtaí maidir le haon eolas eile.

Bunús na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus nochtaí sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breithiúnais a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúrsaí na cuideachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar nochtadh iad ar bhealach sásúil.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh sa chaoi is go bhfaighimis an t-eolas agus na mínithe go léir a mheasamar a bheith riachtanach ionas go mbeadh fianaise leordhóthanach ann a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar ár dtuairim, rinneamar meastóireacht freisin ar a shásúla agus a cuireadh eolas i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Dar linn:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar staid chúrsaí na cuideachta ag 31 Nollaig 2009 agus ar a barrachas don bhliain dar críoch sin: agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963–2009.

Fuaireamar an t-eolas agus na mínithe go léir a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta. Dar linn go raibh leabhair chuntas chearta coimeádta ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

Dar linn, go dtagann an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 11–13 leis na ráitis airgeadais.

84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Duignan Carthy O'Neill
Cuntasóirí Cairte
Iniúchóirí Cláraithe

Dáta: 4 Márta 2010

Cuntais Iniúchta

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

			Oibríochtaí Leanúnacha
		2009	**2008**
	Nótaí	**€**	**€**
Ioncam–Díolacháin Leabhar	**2**	22,977	32,548
Dleachtanna		300	289
Costas díolacháin tionscadail		(80,641)	(119,791)
(Easnamh) oibriúcháin		(57,364)	(86,954)
Deontas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	**3**	260,000	315,210
Deontas ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath		–	1,250
Deontas ó Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann		7,227	–
Costais riaracháin		(80,845)	(92,456)
Costais Eagarthóireachta & Foilseacháin		(52,504)	(86,535)
Costais oifige		(31,801)	(32,747)
Barrachas na bliana	**4**	44,713	17,768
Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail		2,784	272
Barrachas coimeádta na bliana	**12**	47,497	18,040

Níl aon ghnóthachain nó aon chaillteanais aitheanta ann, ach amháin an barrachas don dá bhliain airgeadais seo thuas.

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 4 Márta 2010 agus síníodh iad ar a shon ag:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE

Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2009

An Choimisiún Lamhscríbhinní na hEireann Teoranta, Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal Aici

	Nótaí		2009 €		2008 €
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	7		11,375		15,839
Sócmhainní Reatha					
Stoic	8	51,517		34,576	
Féichiúnaithe	9	11,634		42,094	
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		254,802		150,572	
		317,953		227,242	
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin	10	(21,902)		(20,393)	
Ioncam iarchurtha	11	(44,469)		(7,228)	
		(66,371)		(27,621)	
Glansócmhainní Reatha			251,582		199,621
Sócmhainní Iomlána Lúide Fiachais Reatha			262,957		215,460
Caipiteal agus Cúlchistí					
Ranníocaíocht Caipitil			154,831		154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12		108,126		60,629
Cistí	13		262,957		215,460

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 4 Márta 2010 agus síníodh iad ar a shon ag

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

Ráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	2009 €	2008 €
Réiteach barrachas oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas Oibriúcháin	44,713	17,768
Dímheas	5,857	5,578
(Méadú) ar stoic	(16,941)	(5,974)
Laghdú / (Méadú) ar fhéichiúnaithe	30,460	(37,199)
(Laghdú) ar chreidiúnaithe	(5,719)	(66,578)
Glan-(insreabhadh) / eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	58,370	(86,405)
Ráiteas Sreabhadh Airgid		
Glan-insreabhadh / (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	58,370	(86,405)
Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas	2,784	272
Caiteachas caipitil	(1,393)	(2,621)
Ioncam Iarchurtha	44,469	–
Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim sa bhliain	104,230	(88,754)
Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanchistí		
Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim sa bhliain	104,230	(88,754)
Glanchistí ag 1 Eanáir 2009	150,572	239,326
Glanchistí ag 31 Nollaig 2009	254,802	150,572

NÓTAÍ ATÁ INA GCUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

Nótaí atá ina gcuid de na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

1. Beartais Chuntasaíochta

1.1. Bonn ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir caighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus reachtanna na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2009. Is iad na Caighdeáin Chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, a thugann léargas fíorcheart, ná na caighdeáin arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

1.2. Ioncam

Léiríonn ioncam an t-ioncam iomlán ar glacadh leis ó dhíolacháin leabhar a bhaineann leis an mbliain.

1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Cuirtear dímheas ar fáil ag na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun costas gach sócmhainne, lúide luach iarmharach thar a saolré measta fhónta, a dhíscríobh de réir méid chothroim, mar seo a leanas:

Daingneáin, feistis agus ríomhairí — 20%

Déantar athbhreithniú in aghaidh na bliana ar luachanna carraeireachta na sócmhainní seasta inláimhsithe le haghaidh bearnúchán tréimhsí, má léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúrsaí nach bhféadfaí an luach carraeireachta a ghnóthú.

1.4. Stoc

Luacháiltear stoic leabhair ag a luach bhunaidh nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu sin is ísle. Cé go ndíoltar an méid leabhar is mó taobh istigh de dhá bhliain ón dáta a fhoilsítear iad, tá stiúrthóirí den tuairim nach cóir a chur san áireamh i luach an stoic ach amháin na leabhair a foilsíodh taobh istigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana. Rinneadh foráil i gcoinne na stoc leabhar atá fágtha mar stoic leabhar nach ndíoltar go tapa nó go bhfuil siad imithe as feidhm.

1.5. Pinsin

Léiríonn na costais phinsin a ghearrtar ar na ráitis airgeadais an ranníocaíocht iníoctha ag an gCuideachta i rith na bliana.

An gnáthchostas a bhaineann le pinsin scoir agus le sochair ghaolmhara a sholáthar, gearrtar é de ghnáth ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolta seirbhíse na bhfostaithe, ar bhonn leanúnach céatadáin de thuilleamh.

1.6. Cánachas

Ní gá don chuideachta cáin a íoc de bharr a stádais charthanachta. (Uimhir cánach carthanais: 17206)

1.7. Deontais rialtais

Deontais i leith caiteachas caipitil, scaoiltear chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais iad thar shaolré ionchais fhónta na sócmhainní. Deontais i leith caiteachas ioncaim, scaoiltear chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais iad, mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

2. Ioncam

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don bhliain, óna príomhghníomhaíocht a tugtar faoi go hiomlán in Éirinn.

3. Deontas ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

	2009	2008
	€	€
Faighte	304,469	269,274
Iarchurtha	(44,469)	45,936
	260,000	315,210

4. Barrachas na bliana

	2009	2008
	€	€
Sonraítear barrachas na bliana tar éis do na nithe seo a leanas a ghearradh air:		
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	5,857	5,578
Airgead Oinigh an Chathaoirligh	10,500	10,500
Luach saothair na n-iniúchóirí	4,072	4,426
agus tar éis na nithe seo a chur chun sochair dó		
Deontais rialtais	(260,000)	(315,210)

Tá dliteanas teagmhasach ann chun deontais a fhaightear ón rialtas a aisíoc mura n-úsáidtear an deontas chun na críocha dár cuireadh ar fáil é.

5. Fostaithe

Líon na bhfostaithe

Ba é seo a leanas meánlíon míosúil na bhfostaithe i rith na bliana:

	2009	2008
	Líon	Líon
Líon na bhfostaithe	2	2

Déantar anailís ar chostais foirne sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar a leanas:

	2009	2008
	€	€
Tuarastail	60,811	63,699
Pinsean	5,844	5,450
Airgead Oinigh an Chathaoirligh	10,500	10,500
Costais leasa shóisialta	7,645	7,506
	84,840	87,155

6. Costais phinsin

€5,884 (2008 — €5,450) ab ea na costais phinsin.

7. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin & Feistis	Iomlán
	€	€
Costas		
Ag 1 Eanáir 2009	27,893	27,893
Suimeanna breise	1,393	1,393
Ag 31 Nollaig 2009	29,286	29,286

7. Sócmhainní inláimhsithe *(ar lean.)*

Dímheas		
Ag 1 Eanáir 2009	12,054	12,054
Muirear na bliana	5,857	5,857
Ag 31 Nollaig 2009	17,911	17,911
Glanluachanna leabhar		
Ag 31 Nollaig 2009	11,375	11,375
Ag 31 Nollaig 2008	15,839	15,839

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus tugadh troscán agus trealamh eile oifige mar bhronntanas di ar luach measta €48,710 ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Aithnítear na sócmhainní seo sna suimeanna breise thuas ar luach ainmniúil €1.

8. Stoic

	2009	2008
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	51,517	34,576

Luacháladh stoic leabhair ag a luach bhunaidh nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu sin is ísle.

9. Féichiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin

	2009	2008
	€	€
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam fabhraithe	11,634	42,094

10. Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain amháin

	2009	2008
	€	€
Cánacha agus costais leasa shóisialta eile	24	-
Creidiúnaithe eile	1,810	1,783
Fabhruithe	20,068	18,610
	21,902	20,393

11. Ioncam iarchurtha

	2009	2008
	€	€
Deontais rialtais		
Méadú na bliana	44,469	7,228
Ag 31 Nollaig 2009	44,469	7,228

Baineann na Deontais iarchurtha Rialtais le hairgead breise a fuarthas i rith na bliana maidir le tionscadail foilseacháin leabhar. Níor críochnaíodh na tionscadail seo faoi dheireadh na bliana.

12. Cúlchistí Gnáthscaireanna

	Cuntas Brabús agus caillteanas €	Ranníocaíocht Caipitil €	Iomlán €
Ag 1 Eanáir 2009	60,629	154,831	215,460
Barrachas coimeádta na bliana	47,497	–	47,497
Ag 31 Nollaig 2009	108,126	154,831	262,957

13. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí

	2009 €	2008 €
Barrachas na bliana	47,497	18,040
	215,460	197,420
Cistí tosaigh scairshealbhóirí	262,957	215,460

Ranníocaíocht Caipitil

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus tugadh airgead tirim €130,730 agus stoc leabhar €24,100 mar bhronntanas di ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Tugadh troscán agus trealamh eile oifige mar bhronntanas di freisin agus cuireadh iad seo san áireamh sna ráitis airgeadais ar luach ainmniúil €1. Is é €154,830 an ranníocaíocht iomlán caipitil.

De bharr chineál na leabhar a fhoilsítear, tá stiúrthóirí den tuairim go ndíoltar an méid leabhar is mó taobh istigh de dhá bhliain ón dáta a fhoilsítear iad. Ar an ábhar seo, dar leo, as na leabhair a tugadh don chuideachta, nach cóir a chur san áireamh sa ranníocaíocht caipitil ach amháin na leabhair a foilsíodh taobh istigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana. Rinneadh foráil i gcoinne na stoc leabhar atá fágtha mar stoic leabhar nach ndíoltar go tapa nó go bhfuil siad imithe as feidhm.

14. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Aisíocfar le stiúrthóirí aon chostais a dtabhaítear agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu. Faigheann an Cathaoirleach airgead oinigh €10,500 don bhliain. Níor tharla aon idirbhearta páirtithe gaolmhara eile i rith na bliana.

D'aontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeidh cíos iníoctha as spás oifige a úsáid.

15. Máthairghnóthas deiridh

Tá an chuideachta rialaithe ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.

16. Ráitis airgeadais a cheadú

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 4 Márta 2010 agus síníodh iad ar a shon ag:

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

James Ivan McGuire
Stiúrthóir